
# Duilleog

## Nuachtlitir Chomharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair

Uimh. 22 Samhradh 2012




### Leabhrán eolais ar Ghaoth Dobhair

Tá an 3ú cló curtha anois ag an Chomharchumann ar an leabhrán eolais seo. Rinneadh í le bheith ann in am do Chomórtas Peile na Gaeltachta. Tháinig an chéad eagrán amach in am do Oireachtas na Gaeilge i nGaoth Dobhair in 2002.

Tá an leabhrán seo úsáideach do chuairteoirí agus don phobal féin.

Tá cóipeanna le fáil saor in aisce ó oifig an Chomharchumann sa Chrannóg..

## Turas Gaeltachta ón Droichead

Bhí muintir an Droichid as Beál Feirste anseo ar thuras don deire seachtaine 22-24 Meitheamh. Tuismitheoirí óga agus a bpáistí a bhí sa ghrúpa. Bhí oíche shóisialta acú faoi scáth an Chomharchumainn agus an Acadaimh san Acadamh oíche Aoine áit ar bhual siad le tuismitheoirí óga áitiúla agus a bpáistí ag ócáid shóisialta. Pobal láidir Gaeilge atá san Droichead i gceantar Bhóthar Ormeau, Beál Feirste agus tá príomh dhuais Ghlór na nGael buaite acú dhá uair 2005 agus in 2009. Chuir ceoltóirí óga ón “Crann Óg” ceol ar fáil daofa. Ba í Fionnuala Nic Thom a bhí í mbun an ghrúpa.



Ag an oíche shóisialta san Acadaimh

# Aifreann Cholmcille








Bíonn Aifreann in ómós do Cholmcille ar siúl sa Chrannóg ar a Lá Féile 9 Meitheamh achan bhliain anois. I mbliana bhí sé ann ar an Luan 11 Meitheamh ar 1.00 i.n. á cheiliúradh ag an Athair Pádraig Ó Baoghill sagart paróiste Ghaoth Dobhair. Bhí slua mór i láthair agus ba ócáid dheas urnaí agus chaidrimh a bhí ann don phobal.



Muintir na Crannóige leis an Easbog Ó Buaidhe

## Lá an Easboig

Bhí Lá mór sa Chrannóg ar 20 Bealtaine Lá an Chomhneartaithe nuair a tháinig na daoine óga agus a muintir chuig tae agus le bualadh leis an Easbog an Dr Pilib Ó Buaidhe indiaidh a gComhneartaithe. Ní seo an chead uair don Easbog Ó Buaidhe cuairt a thabhairt ar an Chrannóg, bhí sé ansin le linn Éigse Uladh i 1997.

# Turas go hAlbain





**Turas go Dún Éideann na hAlban**

Ar an deireadh seachtaine 17 Bealtaine chuaigh grúpa daoine as an Ghaeltacht anseo go Dalkeith agus Dún Éideann. Turas Cultúrtha faoi scáth "Cholmcille" a bhí ann a bhí eagraithe ag Noeleen Ní Cholla. Bhí dhaichead ar fad sa ghrúpa agus bhí baill den "Crann Óg" ina measc. Bhí na himeachtaí ar siúl in Newbattle Abbey in Dalkeith áit a ndeachaigh go leor daoine a chuaigh ar imirce ó Ghaeltacht Thír Chonaill agus go háirid ón áit seo ar lorg oibre san am a chuaigh thart nuair a chuaigh siad anonn. Malartú turais a bhí anseo orthu sin a chaith seal anseo as Albain ag Féil' Pádraig agus a ghlac páirt i bParáid na Féile i nGaoth Dobhair ar an lá. Ba í Marian Uí Dhochartaigh a bhí i mbun eagraithe thall agus tá teach saoire aicí i nGlais a chú. Malartú idir an Ghaeltacht anseo agus lucht Gaidhlig na hAlban agus tá Marian agus a cairde ag cur na hoibre seo chun cinn ar mhaithe leis an Ghaidhlig í nDún Éideann agus an ceantar sin.





## Scéalta agus Imeachtaí

**Tá an Comharchumann anois cosúil le Comharchumainn agus Coistí eile ag fanacht le scéala cinnte agus soiléiriú faoin Bhille Gaeltachta atáthar á phlé sa tSeanad faoi láthair ag an Aire Stáit Donnchadh Mac Fhionnlaoich T.D. agus fosta faoi an Phleanáil Teanga agus an clár tacaíochta teaghlaigh atá beartaithe do na Pobail Ghaeltachta.**

**Bhí a gcruinniú Chinn Bhliana ag an Chomharchumann sa Chrannóg ar an 29 Bealtaine 2012.**

**Bhí a Lá Foscailte do 2012 ag an Chomharchumann sa Chrannóg ar an 3 Bealtaine 2012**

**Bhí Scoláirí agus múinteoirí ó Ghaelscoil Dhún Phádraig as ceantar Leath Chathail anseo ar dheireadh seachtaine 14 Meitheamh. Tá daoine ó Chumann Ghaelach Leath Chathail ag teacht go Ghaoth Dobhair agus an Chrannóg ar thurais Ghaeltachta le blianta fada. Comhghairdeas leo ar duais Ghlór na nGael a bhaint in 2011.**



# Campaí Samhraidh 2012

**a reachtail ag**

**Comhar Chumann Forbartha Ghaoth Dobhair**

**ón 2/7/2012 go dtí 24/8/2012**

***Campaí do pháistí 3-6 Bliana d'aois sa Chrannóg***

***Campaí do pháistí 7-14 Bliana d'aois i bPobalscoil Ghaoth Dobhair***




**Tuilleadh eolais ó 074-9532208 no r-phost chuig cfgd@eircom.net**

***Le tacaíocht ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta & Gaeltachta***





# Margadh Bidh

**An Chrannóg**

**Dara Sathairn do mhí Lúnasa**

**11.00 - 2.00**

Ma tá suim agat spás a ghlacadh,
cuir scairt ar 074 9532208.




# Oifig Eolais

Tá oifig/pointe eolais Turasóireachta ar fail sa Chrannóg i rith an tsamhraidh ag an Chomharchumann i gcomhar le Cumann Trádála agus Turasóireachta Ghaoth Dobhair. Tuilleadh eolais ó Marie, Angela nó Cathal ag 074 95 32208.

**Fáilte**

Welcome – Bienvenue - Wilkommen

**Eolas.**

Information